**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe*

**2023/0234(COD)**

25.1.2024

# TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl
(COM(2023)420 – C9-0233/2023 – 2023/0234(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Clara Aguilera

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an t-athbhreithniú ar an Treoir Réime Dramhaíola atá molta ag an gCoimisiún chun tionchar na gcóras bia ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a bhaineann le giniúint dramhaíola bia a laghdú agus spriocanna chun dramhaíl bhia a laghdú atá ceangailteach ó thaobh dlí de a bhunú do na Ballstáit faoi 2030.

Is ionann "neamhéifeachtúlacht" den bhiashlabhra agus dramhaíl bhia, a bhfuil iarmhairtí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil aige, mar is é an cur amú sin an obair a dhéanann feirmeoirí i dtáirgeadh an bhia agus mí-úsáid na n-acmhainní nádúrtha a ídítear sa phróiseas sin. De réir an dá mheastachán atá ar fáil (ó 2012 agus 2022), is ionann dramhaíl bhia san Aontas agus idir 88 agus 153,5 milliún tona in aghaidh na bliana. Is ionann na costais ghaolmhara agus EUR 143000 milliún in aghaidh na bliana. Is ionann an méid sin dramhaíola bia agus thart ar 227 milliún tona $CO_2$, nó thart ar 6% d'astaíochtaí iomlána an Aontais.

Tá Parlaimint na hEorpa tar éis tacú go comhsheasmhach le dramhaíl bhia a laghdú. Is dlúthchuid de Straitéis 2020 an Aontais 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' i gcomhair córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol é an caillteanas agus an dramhaíl bhia a laghdú.

Mar thoradh ar spriocanna sonracha a leagan síos, meastar go ndéanfaidh gach Ballstát bearta uaillmhianacha atá curtha in oiriúint dá staid shonrach náisiúnta, agus ar an gcaoi sin iarrachtaí a threisiú agus straitéisí éifeachtacha a leathnú, rud a fhágfaidh solúbthacht iomlán ag na Ballstáit agus bearta á roghnú acu san athbhreithniú ar a gcláir dramhaíola bia a chosc d'fhonn na spriocanna laghdaithe a bhaint amach.

Is díol mór sásaimh don Rapóirtéir tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe go ndéantar an earnáil phríomhúil a eisiamh ó na spriocanna laghdaithe sa togra agus iarrann sé go spreagfaí na Ballstáit chun díriú níos mó ar oiliúint chun dramhaíl bhia a chosc.

Á chur i gcuntas gurb é 2020 an chéad bhliain ina bhfuil sonraí chun dramhaíl bhia a thomhas ar fáil ag na Ballstáit, ós rud é nach raibh aon oibleagáid ann dramhaíl bhia a chainníochtú roimhe seo, aontaíonn an Rapóirtéir leis an mbliain tagartha 2020, mar a leagtar amach sa togra.

Measann an Rapóirtéir go bhfuil na cuspóirí beartaithe réasúnach. Molann sé, áfach, go gcuirfear an sprioc 30% i bhfeidhm ar leithligh ar gach ceann de na céimeanna i slabhra an tsoláthair bia a luaitear in Airteagal 9a(4)(b) chun freagracht a dháileadh go cothrom, chomh maith leis an dul chun cinn atá déanta ag gach céim.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Ag féachaint d’éifeachtaí diúltacha na dramhaíola bia, gheall na Ballstáit bearta a dhéanamh chun cosc agus laghdú ar an dramhaíl bhia a chur chun cinn i gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, ar ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe leis an 25 Meán Fómhair 2015, agus go háirithe i gcomhréir lena sprioc chun an dramhaíl bhia dhomhanda *per capita* a laghdú faoina leath ar an leibhéal miondíola agus tomhaltais agus chun caillteanais bhia ar fud slabhraí táirgthe agus soláthair a laghdú, lena n-áirítear caillteanais iarbhuainte, faoi 2030. Bhí sé d’aidhm ag na bearta sin dramhaíl bhia a chosc agus a laghdú i dtáirgeadh príomhúil, i bpróiseáil agus i monarú, i miondíol agus i ndáileadh eile ar bhia, i mbialanna agus i seirbhísí bia agus i dteaghlaigh. | (3) Ag féachaint d’éifeachtaí diúltacha na dramhaíola bia **don tsochaí, don gheilleagar agus don chomhshaol**, gheall na Ballstáit bearta a dhéanamh chun cosc agus laghdú ar an dramhaíl bhia a chur chun cinn i gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, ar ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe leis an 25 Meán Fómhair 2015, agus go háirithe i gcomhréir lena sprioc chun an dramhaíl bhia dhomhanda *per capita* a laghdú faoina leath ar an leibhéal miondíola agus tomhaltais agus chun caillteanais bhia ar fud slabhraí táirgthe agus soláthair a laghdú, lena n-áirítear caillteanais iarbhuainte, faoi 2030. Bhí sé d’aidhm ag na bearta sin dramhaíl bhia a chosc agus a laghdú i dtáirgeadh príomhúil, i bpróiseáil agus i monarú, i miondíol agus i ndáileadh eile ar bhia, i mbialanna agus i seirbhísí bia agus i dteaghlaigh ***agus ba cheart measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar maidir lena gcur chun feidhme.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Go pointe áirithe, rinne na Ballstáit ábhair a fhorbairt agus chuaigh siad i mbun feachtais ina ndírítear ar an dramhaíl bhia a chosc le haghaidh tomhaltóirí agus oibreoirí gnó bia; mar sin féin, díríonn siad sin ar fheasacht a mhúscailt seachas athrú ar iompraíocht a spreagadh. Chun an lánacmhainneacht a bhaint amach maidir le dramhaíl bhia a laghdú agus dul chun cinn | (7) Rinne na Ballstáit ábhair a fhorbairt agus chuaigh siad i mbun feachtais ina ndírítear ar an dramhaíl bhia a chosc le haghaidh tomhaltóirí agus oibreoirí gnó bia; mar sin féin, díríonn siad sin ar fheasacht a mhúscailt seachas athrú ar iompraíocht a spreagadh. Chun an lánacmhainneacht a bhaint amach maidir leis an dramhaíl bhia a laghdú agus dul |

| | |
|---|---|
| a áirithiú le himeacht ama, ní mór idirghabhálacha athraithe iompraíochta a fhorbairt, atá curtha in oiriúint do na cásanna sonracha agus na riachtanais shonracha sna Ballstáit, agus ní mór iad a chomhtháthú i gcláir náisiúnta chun an dramhaíl bhia a chosc. Ba cheart béim a leagan freisin ar réitigh chiorclacha réigiúnacha, ar a n-áirítear comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí agus rannpháirtíocht saoránach chomh maith le hoiriúnú do riachtanais shonracha réigiúnacha amhail réigiúin is forimeallaí nó oileáin. | chun cinn a áirithiú le himeacht ama, ní mór idirghabhálacha athraithe iompraíochta ***faoi stiúir scoileanna*** a fhorbairt, atá curtha in oiriúint do na cásanna sonracha agus na riachtanais shonracha sna Ballstáit, agus ní mór iad a chomhtháthú i gcláir náisiúnta chun an dramhaíl bhia a chosc. Ba cheart béim a leagan freisin ar réitigh chiorclacha réigiúnacha, ***sa chúige agus sa cheantar***, ar a n-áirítear comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí agus rannpháirtíocht saoránach chomh maith le hoiriúnú do riachtanais shonracha réigiúnacha amhail réigiúin is forimeallaí nó oileáin. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) D’ainneoin na feasachta níos mó ar ***thionchair dhiúltacha agus ar iarmhairtí diúltacha*** na dramhaíola bia, gealltanais pholaitiúla a tugadh ar leibhéal AE agus na mBallstát, agus na mbeart a cuireadh chun feidhme san Aontas ó Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach 2015, níl ***laghdú*** leordhóthanach ag teacht ar an nginiúint dramhaíola bia chun dul chun cinn mór a dhéanamh i dtreo Sprioc 12.3 de Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12 (SDG) de na Náisiúin Aontaithe. Chun rannchuidiú nach beag i dtreo bhaint amach Sprioc 12.3 SDG a áirithiú, maidir leis na bearta atá le déanamh ag na Ballstáit, ba cheart iad a neartú chun dul chun cinn a dhéanamh i gcur chun feidhme na Treorach seo agus bearta iomchuí eile chun giniúint dramhaíola bia a laghdú. | (8) D’ainneoin na feasachta níos mó ar ***thionchar*** na dramhaíola bia, gealltanais pholaitiúla a tugadh ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát, agus na mbeart a cuireadh chun feidhme san Aontas ó Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach 2015, níl ***laghdú*** leordhóthanach tagtha ar an nginiúint dramhaíola bia chun dul chun cinn mór a dhéanamh i dtreo Sprioc 12.3 de Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12 (SDG) de na Náisiúin Aontaithe. Chun rannchuidiú nach beag i dtreo bhaint amach Sprioc 12.3 SDG a áirithiú, ba cheart don Aontas na bearta atá le déanamh ag na Ballstáit a neartú **agus tacú leo, lena n-áirítear trí dhreasachtaí airgeadais,** chun dul chun cinn a dhéanamh i gcur chun feidhme na Treorach seo agus bearta iomchuí eile chun giniúint dramhaíola bia a laghdú. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh treorach**

**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Chun torthaí a bhaint amach sa ghearrthéarma, agus chun an pheirspictíocht is gá a thabhairt d’oibreoirí gnó bia, tomhaltóirí agus údaráis phoiblí san fhadtéarma, ba cheart spriocanna cainníochtaithe a shocrú le haghaidh laghdú ar ghiniúint dramhaíola bia atá le baint amach ag na Ballstáit faoi 2030. | (9) Chun torthaí a bhaint amach sa ghearrthéarma ***agus sa mheántéarma***, agus chun an pheirspictíocht is gá a thabhairt d’oibreoirí gnó bia, tomhaltóirí agus údaráis phoiblí san fhadtéarma, ba cheart spriocanna cainníochtaithe a shocrú chun giniúint dramhaíola bia a laghdú, atá le baint amach ag na Ballstáit faoi 2030 ***ar a dheireanaí, i bhfianaise riachtanais na dtomhaltóirí agus na n-oibreoirí eacnamaíochta araon. Ina theannta sin, ba cheart sásraí a bhunú chun acmhainní airgeadais agus teicneolaíocha iomchuí a leithdháileadh chun tacú le cur chun feidhme na gcuspóirí sin agus chun a áirithiú go mbeidh an cumas is gá ag na Ballstáit na hathruithe atá beartaithe a dhéanamh.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Tá níos lú feasachta ginearálta ann maidir le dramhaíl bhia a chosc. Sin é an fáth a bhfuil gá le feachtais agus faisnéis spriocdhírithe agus rialta do gach aoisghrúpa.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Ag féachaint do ghealltanas an Aontais i ndáil leis an uaillmhian a leagtar amach i Sprioc 12.3 SDG, maidir le socrú na spriocanna chun an dramhaíl bhia a | (10) Ag féachaint do ghealltanas an Aontais i ndáil leis an uaillmhian a leagtar amach i Sprioc 12.3 SDG, maidir le socrú na spriocanna chun an dramhaíl bhia a |

| | |
|---|---|
| laghdú atá le baint amach ag na Ballstáit faoi 2030, ba cheart spreagadh beartais láidir a sholáthar leo chun beart a dhéanamh agus rannchuidiú mór le spriocanna domhanda a áirithiú. Mar sin féin, i bhfianaise cineál ceangailteach ó thaobh dlí na spriocanna sin, ba cheart dóibh a bheith comhréireach agus indéanta, agus ba cheart a chur san áireamh iontu ról gníomhaithe éagsúla i slabhra an tsoláthair bia chomh maith lena n-acmhainneacht (go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga). Ba cheart, dá bhrí sin, cur chuige céim ar chéim a ghlacadh chun spriocanna a bhunú atá ceangailteach ó thaobh dlí de, ag tosú le leibhéal atá níos ísle ná an leibhéal a shocraítear faoi SDG, d'fhonn freagairt chomhsheasmhach ó na Ballstáit agus dul chun cinn follasach i dtreo Sprioc 12.3 a áirithiú. | laghdú atá le baint amach ag na Ballstáit faoi 2030, ba cheart spreagadh beartais láidir a sholáthar leo chun beart a dhéanamh agus rannchuidiú mór le spriocanna domhanda a áirithiú. Mar sin féin, i bhfianaise cineál ceangailteach ó thaobh dlí na spriocanna sin, ba cheart dóibh a bheith comhréireach agus indéanta, agus ba cheart a chur san áireamh iontu ról gníomhaithe éagsúla i slabhra an tsoláthair bia chomh maith lena n-acmhainneacht (go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga). ***Ina theannta sin, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir caillteanais inseachanta bhia agus caillteanais dhosheachanta bhia.*** Ba cheart, dá bhrí sin, cur chuige céim ar chéim a ghlacadh chun spriocanna a bhunú atá ceangailteach ó thaobh dlí de, ag tosú le leibhéal atá níos ísle ná an leibhéal a shocraítear faoi SDG, d'fhonn freagairt chomhsheasmhach ó na Ballstáit agus dul chun cinn follasach i dtreo Sprioc 12.3 a áirithiú. |

*Réasúnú*

*Tá gá le hidirdhealú soiléir idir caillteanais inseachanta bhia agus caillteanais dhosheachanta bhia, ar chúiseanna comhréireachta freisin.*

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) Braitheann táirgeacht talmhaíochta a chuirtear ar an margadh lena díol ar shraith tosca nádúrtha, dlíthiúla agus oibriúcháin nach bhfuil neart ag feirmeoirí orthu. Chun táirgí agraibhia a chur ar an margadh agus a dhíol le tomhaltóirí, ní mór don chuid is mó acu cloí le dianchaighdeáin mhargaíochta de chuid an Aontais nó dianchaighdeáin mhargaíochta idirnáisiúnta. Go sonrach ní fhéadfar*** |

***táirgí torthaí agus glasraí atá ceaptha lena ndíol leis an tomhaltóir agus iad úr a mhargú ach amháin má tá siad de cháilíocht shlán chóir agus indíolta agus má léirítear a dtír thionscnaimh. Tá táirgí, a dhíolann táirgeoirí go háitiúil agus go díreach le tomhaltóirí, díolmhaithe ó chaighdeáin mhargaíochta. Tá táirgí áirithe a bhfuil tionchar ag tubaistí nádúrtha nó imthosca eisceachtúla eile orthu díolmhaithe freisin, má tá a dtomhaltas sábháilte. Dá bhrí sin, níor cheart a mheas gur dramhaíl iad táirgí talmhaíochta nach féidir a chur ar an margadh le haghaidh tomhaltas bia toisc nach gcomhlíonann siad na rialacha atá ann faoi láthair agus táirgí nach féidir a úsáid le haghaidh úsáidí seachas mar bhia, amhail táirgeadh fuinnimh ó bhithmhais.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10b) Tá difríochtaí fós ann maidir le cumhacht mhargála idir soláthróirí agus ceannaitheoirí táirgí talmhaíochta agus bia i slabhraí an tsoláthair bia ar fud an Aontais. Is amhlaidh atá go háirithe in earnáil na talmhaíochta, ós rud é go ndéantar comhionannas i measc contrapháirtithe ón tús a shaobhadh go tapa mar gheall ar chineál sonrach na dtáirgí talmhaíochta agus an gá gaolmhar lena ndiúscairt. Dá bhrí sin, ní mór gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú nach dtiocfaidh méadú ar na cleachtais éagóracha trádála is coitianta a imríonn tionchar ar sholáthraithe talmhaíochta, go háirithe maidir le soláthar táirgí meatacha, mar thoradh ar spriocanna ceangailteacha chun dramhaíl bhia a laghdú.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10c) Ag féachaint d'obair Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus don Sásra Eorpach um ullmhacht agus freagairt i nGéarchéim Slándála Bia, lena n-aithnítear rannchuidiú na pacáistíochta chun dramhaíl bhia a laghdú agus soláthar bia agus slándáil bhia a áirithiú;*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10d) Na torthaí a fuair na gníomhaithe uile sa slabhra agraibhia chun caillteanas agus dramhaíl bhia a laghdú, i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12.3 de chuid na Náisiún Aontaithe.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) Dá mhéad an laghdú ar dhramhaíl bhia, is ea is airde na laghduithe ar an sciar de chaiteachas bia atá ag teaghlaigh[1a]*** |
| | ***[1a] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/bitstream/JRC133971/JRC133971_0*** |

***1.pdf***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 11 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11b) Má laghdaítear dramhaíl bhia ag pointe ar bith feadh shlabhra an tsoláthair bia, bíonn tionchar dearfach suntasach ar an gcomhshaol[2a]*** |
| | ***[2a] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/bitstream/JRC133971/JRC133971_01.pdf*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 11 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11 c) Déantar céatadán suntasach de tháirgí a chaitheamh i leataobh ar chúiseanna cosmaideacha lena n-áirítear cruthanna aisteacha, dathanna corra, nó lochtanna. Ba cheart dramhaíl bhia den sórt sin a sheachaint go hiomlán*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ***Ag cuimhneamh ar*** an idirspleáchas idir na céimeanna dáileacháin agus tomhaltais i slabhra an tsoláthair bia, go háirithe tionchar na gcleachtas bia ar an iompraíocht tomhaltóirí agus an caidreamh | (12) ***In ainneoin*** an idirspleáchais idir na céimeanna dáileacháin agus tomhaltais i slabhra an tsoláthair bia, go háirithe tionchar na gcleachtas bia ar an iompraíocht tomhaltóirí agus an caidreamh |

| | |
|---|---|
| idir tomhaltas bia sa teaghlach féin agus lasmuigh de, is inmholta aon chomhsprioc amháin a bhunú le haghaidh na gcéimeanna sin de shlabhra an tsoláthair bia. Dá socrófaí spriocanna ar leithligh le haghaidh gach ceann de ***na céimeanna sin***, chuirfí castacht gan ghá leis agus chuirfí teorainn le solúbthacht na mBallstát chun díriú isteach ar a réimsí sonracha ar ábhair imní iad. Chun nach mbeidh ualach iomarcach ar oibreoirí áirithe mar thoradh ar chomhsprioc, cuirfear comhairle ar Bhallstáit prionsabal ***nó*** comhréireacht a chur san áireamh agus ***bearta á mbunú chun an chomhsprioc a bhaint amach.*** | idir tomhaltas bia sa teaghlach féin agus lasmuigh de, is inmholta aon chomhsprioc amháin a bhunú le haghaidh na gcéimeanna sin de shlabhra an tsoláthair bia. Dá socrófaí spriocanna ar leithligh le haghaidh gach ***céime,*** chuirfí castacht gan ghá leis agus chuirfí teorainn le solúbthacht na mBallstát chun díriú isteach ar a réimsí sonracha ar ábhair imní iad. Chun nach mbeidh ualach iomarcach ar oibreoirí áirithe mar thoradh ar chomhsprioc, cuirfear comhairle ar Bhallstáit prionsabal **na** comhréireachta a chur san áireamh ***chun dáileadh cothrom agus réalaíoch na freagrachta agus na cuntasachta a áirithiú agus aird chuí á tabhairt ar fhiontair bheaga agus micrifhiontair atá ag feidhmiú i slabhra an tsoláthair bia.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Á chur i bhfios go bhfuil sé dodhéanta fadhb na dramhaíola bia ar fheirmeacha a réiteach go héifeachtach gan ioncam seasmhach a áirithiú d'fheirmeoirí agus luaineachtaí móra sa mhargadh a rialú nuair atá costas táirgthe na dtáirgí níos airde ná an praghas a thairgeann an margadh;*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12b) Á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé na táirgí a athdháileadh ag deireadh a ndáta éaga ar na daoine atá i ngátar; Ag tabhairt dá haire go bhfuil gach deis ag miondíoltóirí*** |

*bia táirgí den sórt sin a dheonú d'eagraíochtaí carthanacha atá in ann na táirgí sin a dháileadh gan mhoill, lena n-áirithítear go n-ídítear iad;*

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ar bhonn na modheolaíochta comhchuibhithe a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597[76] ón gCoimisiún, ba í 2020 an chéad bhliain ar bailíodh sonraí ar leibhéil dramhaíola bia ina leith. ***Dá bhrí sin, ba cheart 2020 a úsáid mar bhonnlíne chun spriocanna a shocrú chun an dramhaíl bhia a laghdú.*** I gcás na mBallstát ar féidir leo a léiriú go ndearna siad tomhais ar dhramhaíl bhia roimh 2020, agus modhanna atá i gcomhréir le Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597 in úsáid acu, ba cheart úsáid bonnlíne níos luaithe a cheadú. | (14) Ar bhonn na modheolaíochta comhchuibhithe a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597[76] ón gCoimisiún, ba í 2020 an chéad bhliain ar bailíodh sonraí ar leibhéil dramhaíola bia ina leith. ***Ós rud é, áfach, gur bhliain eisceachtúil a bhí in 2020, i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus na ndianghlasálacha a bhaineann léi, tréimhse thagartha níos oiriúnaí a bheadh in 2020-2022, agus na héagsúlachtaí a d'eascair as an bpaindéim á gcur san áireamh***. I gcás na mBallstát ar féidir leo a léiriú go ndearna siad tomhais ar dhramhaíl bhia roimh 2020, agus modhanna atá i gcomhréir le Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597 in úsáid acu, ba cheart úsáid bonnlíne níos luaithe a cheadú. |
| [76] Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597 ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2019 lena bhforlíontar Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modheolaíocht chomhchoiteann agus ceanglais íosta cháilíochta chun leibhéil dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach (IO L 248, 27.9.2019, lch. 77). | [76] Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597 ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2019 lena bhforlíontar Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modheolaíocht chomhchoiteann agus ceanglais íosta cháilíochta chun leibhéil dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach (IO L 248, 27.9.2019, lch. 77). |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) Leis an modheolaíocht chomhchuibhithe a bhunaítear i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597 ón gCoimisiún, déantar foráil maidir le modhanna tuairiscithe éagsúla a úsáid. Chun a áirithiú go mbeidh na sonraí a bheidh ann amach anseo fónta ó thaobh na heolaíochta de, ar ardcháilíocht agus inchomparáide, is gá modhanna tomhais soiléire comhsheasmhacha a bhunú agus a chur i bhfeidhm i measc na mBallstát agus íoscheanglais cháilíochta a bhunú agus a chur i bhfeidhm maidir le dramhaíl bhia a thomhas go haonfhoirmeach.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 14 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14b) Chun a áirithiú go ndéanann gníomhaithe i slabhra an tsoláthair bia agus údaráis na mBallstát sonraí maidir le dramhaíl bhia agus faireachán ar thuairisciú a léirmhíniú go comhsheasmhach, eiseoidh an Coimisiún treoirlínte maidir leis an modheolaíocht chun dramhaíl bhia a thomhas;*** |

*Réasúnú*

*Tá gá le treoirlínte agus rialacha níos saintreoraí ón gCoimisiún chun an tuairisciú ar dhramhaíl bhia a chomhchuibhiú ar fud na mBallstát agus chun cáilíocht an tuairiscithe sin a mhéadú.*

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) Níor cheart go mbainfí an bonn de tháirgeacht talmhaíochta ná de shlándáil bhia an Aontais Eorpaigh trí spriocanna a bhaint amach maidir le dramhaíl bhia a laghdú. Ba cheart a mheas gur iomaíocht éagórach le táirgeoirí an Aontais é dul i muinín allmhairí ó thríú tíortha a mhéadú chun laghduithe ar tháirgeacht intíre a chúiteamh nuair nach gcuirtear na rialacha cómhalartachta i bhfeidhm maidir le táirgí a allmhairítear ó thríú tíortha.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Chun go mbainfidh na Ballstáit amach na spriocanna a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do Bhallstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a gcláir chun an dramhaíl bhia a chosc le bearta nua a chur san áireamh, lena gcumhdófar roinnt comhpháirtithe ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, lena mbaineann gníomhaíochtaí comhordaithe chun dul i ngleic le teophointí sonracha chomh maith le dearcthaí agus iompraíochtaí atá ina gcúis leis an dramhaíl bhia. Agus na cláir sin á n-ullmhú, d'fhéadfadh na Ballstáit inspioráid a bhaint as na moltaí ón bPainéal Saoránach um an gCur Amú Bia. | (33) Chun go mbainfidh na Ballstáit amach na spriocanna a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do Bhallstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a gcláir chun an dramhaíl bhia a chosc le bearta nua a chur san áireamh, lena gcumhdófar roinnt comhpháirtithe ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, lena mbaineann gníomhaíochtaí comhordaithe chun dul i ngleic le teophointí sonracha chomh maith le dearcthaí agus iompraíochtaí atá ina gcúis leis an dramhaíl bhia. Agus na cláir sin á n-ullmhú, ***ba cheart don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit oibriú i ndlúthchomhar le chéile chun na dreasachtaí airgeadais is éifeachtaí a shainaithint agus a chur chun feidhme chun na cuspóirí a leagtar amach sa Treoir seo a bhaint amach. Ar an gcaoi chéanna***, d'fhéadfadh na Ballstáit inspioráid a bhaint as na moltaí ón bPainéal Saoránach um an gCur Amú Bia ***agus béim a leagan ar an ról lárnach is féidir le heagraíochtaí tomhaltóirí a imirt lena bhfeachtais feasachta agus faisnéise i gcoinne dramhaíl bhia. Ina theannta sin,*** |

***ba cheart go n-áireofaí i gcur chun feidhme na gclár sin malartú dea-chleachtas, oideachas agus feasacht an phobail, bearta nithiúla chun deonú bia a spreagadh, modhanna inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltas freagrach a chur chun cinn, agus é mar aidhm leis sin athrú suntasach a bhaint amach san iompraíocht shóisialta agus eacnamaíoch d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach sa chomhrac i gcoinne dramhaíl bhia a bhaint amach.***

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 33 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(33a) Gné ríthábhachtach de neartú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na bhforálacha maidir le dramhaíl a chosc is ea ardán a chruthú chun dea-chleachtais a mhalartú idir na Ballstáit, rud a d'éascódh aistriú saineolais agus a chuirfeadh dlús leis an bpróiseas cur chun feidhme. Chuideodh an comhar méadaithe sin chun na constaicí sonracha a bhíonn ag gach Ballstát a shárú agus chun glacadh réiteach nuálach agus éifeachtach a chothú.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 36 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36a) Chun léirmhíniú comhsheasmhach na n-údarás náisiúnta ar shonraí maidir le dramhaíl bhia agus ceanglais tuairiscithe a éascú, agus ualach riaracháin neamhriachtanach ar oibreoirí i slabhra an tsoláthair bia á*** |

***sheachaint ag an am céanna, ba cheart don Choimisiún treoir a ghlacadh chun gníomhartha tarmligthe a léirmhíniú, ag leanúint shampla na Treorach maidir le tiomsú agus tuairisciú sonraí maidir le dramhaíl chathrach[1a] nó an Treoir maidir le tiomsú agus tuairisciú sonraí maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht[2b];***

______________

***[1d] An Coimisiún Eorpach, Eurostat, Treoir maidir le tiomsú agus tuairisciú sonraí ar phacáistíocht agus ar dhramhaíl ó phacáistíocht de réir Chinneadh 2005/270/CE; (leagan 2023) https://ec.europa.eu/eurostat/documents/342366/351811/Guidance+on+municipal+waste+data+collection/***

***[2b] An Coimisiún Eorpach, Eurostat, Treoir maidir le tiomsú agus tuairisciú sonraí maidir le dramhaíl chathrach de réir Chinntí Cur Chun Feidhme 2019/1004/CE agus 2019/1885/CE ón gCoimisiún, agus Ceistneoir Comhpháirteach Eurostat agus ECFE, (leagan 2023) https://ec.europa.eu/eurostat/documents/342366/351811/PPW+-+Guidance+for+the+compilation+and+reporting+of+data+on+packaging+and+packaging+waste.pdf/297d0cda-e5ff-41e5-855b-5d0abe425673?t=1621978014507***

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2008/98/CE
Airteagal 3 – mír 4 a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4ba. ciallaíonn 'dramhaíl bhia' an bia go léir mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón*** |

| | |
|---|---|
| | ***gComhairle atá anois ina dhramhaíl seachas dramhaíl ó tháirgeacht talmhaíochta agus ó phróiseas táirgthe, próiseála nó breisluacha le haghaidh táirgí talmhaíochta, ag feirmeacha nó ag cuideachtaí agraithionscail eile, a mheastar a bheith ina seachtháirgí faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5(1) de Threoir 2008/98/CE; eisiatar freisin na hábhair thalmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(f) agus na seachtháirgí ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(b)*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2008/98/CE
Airteagal 9 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun cosc a chur ar ghiniúint dramhaíola bia ***i*** dtáirgeadh príomhúil, i bpróiseáil agus i monarú, i miondíol agus i ndáileadh eile ar bhia, i mbialanna agus i seirbhísí bia agus i dteaghlaigh. Áireofar ar na bearta sin an méid seo a leanas: | Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí agus ***cuirfidh siad na bearta sin chun feidhme, arna gcur in oiriúint dá gcás sonrach,*** chun cosc a chur ar ghiniúint dramhaíola bia ***le linn gach céime de shlabhra an tsoláthair agraibhia, is é sin an*** táirgeadh príomhúil, i bpróiseáil agus monarú, i miondíol agus i ndáileadh eile ar bhia, i mbialanna agus i seirbhísí bia ***amhail scoileanna, ospidéil, etc.*** agus i dteaghlaigh chomh maith. Áireofar ar na bearta sin an méid seo a leanas ***ach gan bheith teoranta dóibh:*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2008/98/CE
Airteagal 1 – mír 1 – pointe a

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (a) idirghabhálacha athraithe iompraíochta a fhorbairt agus tacú leo chun an dramhaíl bhia a laghdú, agus feachtais faisnéise chun feasacht a mhúscailt maidir leis an dramhaíl bhia a chosc; | (a) idirghabhálacha athraithe iompraíochta a fhorbairt agus tacú leo chun dramhaíl bhia a laghdú, ***lena n-áirítear d'fhonn cur chuige dearfach a fhorbairt i leith torthaí agus glasraí a bhfuil lochtanna seachtracha nó cuma neamhghnách orthu ach atá fós oiriúnach lena gcaitheamh,*** agus feachtais faisnéise chun feasacht a ardú maidir le dramhaíl bhia a chosc. ***Neartóidh gníomhaíochtaí den sórt sin, inter alia, an ról atá ag forais oideachais maidir le dul i ngleic le dramhaíl bhia i gceaintíní chomh maith le tionchar a imirt ar iompar na dtomhaltóirí amach anseo; tuiscint níos fearr a bheith ag tomhaltóirí ar mharcáil dátaí; a aithint go bhfuil ról an tomhaltóra sa phróiseas seo chun dramhaíl bhia a laghdú ríthábhachtach agus fíor-riachtanach agus a chinntiú go mbíonn comhlachais ghairmiúla agus oibreoirí san earnáil agraibhia rannpháirteach;*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2008/98/CE
Airteagal 9a – mír 1 – pointe c

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (c) deonú agus athdháileadh eile bia lena chaitheamh ag an duine a spreagadh, agus tús áite á thabhairt d'úsáid an duine ar bheatha ainmhithe agus ar athphróiseáil i dtáirgí neamhbhia; | (c) deonú agus athdháileadh eile bia lena chaitheamh ag an duine a spreagadh ***agus a éascú***, agus tús áite á thabhairt d'úsáid an duine ar bheatha ainmhithe agus ar athphróiseáil i dtáirgí neamhbhia. ***An méid sin go léir, mar shampla, trí dhreasachtaí tacúla fioscacha agus riaracháin a chur ar fáil d'oibreoirí eacnamaíocha, mar a bhunaítear in Iarscríbhinn IV bis, agus trí dheiseanna agus dreasachtaí a chruthú do ghnólachtaí chun a áirithiú go dtabharfar*** |

| | |
|---|---|
| | ***táirgí atá ag dul in éag ar na dálaí is fearr agus is féidir do na heagraíochtaí a thugann tacaíocht do na daoine a bhfuil deacrachtaí acu bia a íoc;*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2008/98/CE
Airteagal 9a – mír 1 – pointe d a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) tacú le taighde agus nuálaíocht chun dul i ngleic le dramhaíl bhia i réimse phacáistíocht an bhia, agus an príomhról atá ag an bpacáistíocht chun cosc a chur ar ghiniúint dramhaíola i slabhra luacha an bhia á chur san áireamh, agus sábháilteacht agus cáilíocht bhia a áirithiú agus an tionchar foriomlán ar an gcomhshaol a laghdú agus córais phacáistíochta a bharrfheabhsú ag an am céanna;*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2008/98/CE
Airteagal 9a – mír 1 – pointe d b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) nuálaíocht, malartuithe agus comhar a chothú idir na gníomhaithe agus páirtithe leasmhara uile feadh shlabhra an tsoláthair bia chun uirlisí a shainaithint chun cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir an táirgeadh agus an t-éileamh.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2008/98/CE
Airteagal 9a – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, na hearnála príobháidí agus eagraíochtaí na dtomhaltóirí chun cláir shaincheaptha a fhorbairt bunaithe ar na riachtanais chun cosc a chur ar dhramhaíl bhia. Ba cheart aird ar leith a thabhairt chomh maith ar chláir éifeachtacha oideachais do thomhaltóirí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus béim ar leith á leagan ar fheasacht a mhúscailt i measc daoine óga trí mhodúil oiliúna sa bhunoideachas agus sa mheánoideachas.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2008/98/CE
Airteagal 9 a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38a chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir le modheolaíocht chomhchoiteann agus ceanglais cháilíochta íosta a leagan síos chun leibhéil na dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach. | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38a chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir le modheolaíocht chomhchoiteann agus ceanglais cháilíochta íosta a leagan síos chun leibhéil na dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach. ***Éascóidh an Coimisiún malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit chun foghlaim fhrithpháirteach agus feabhsú leanúnach na bpróiseas tomhais agus tuairiscithe dramhaíola bia a chur chun cinn. Agus na gníomhartha tarmligthe sin á bhforbairt, ba cheart don Choimisiún faisnéis eolaíoch nó faisnéis theicniúil eile atá ar fáil a chur san áireamh, lena n-áirítear caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha, amhail*** |

| | |
|---|---|
| | ***Cuntasaíocht Caillteanais agus Dramhaíola Bia agus Caighdeán Tuairiscithe Institiúid Acmhainní an Domhain, agus ionchur ó na páirtithe leasmhara ábhartha uile.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2008/98/CE
Airteagal 9a – mír 3 – fomhír (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Éascóidh an Coimisiún faireachán agus tomhas comhchuibhithe ar dhramhaíl bhia trí threoirlínte ábhartha agus praiticiúla a eisiúint chun cabhrú le gníomhaithe sa slabhra soláthair, chomh maith le húdaráis na mBallstát, sonraí dramhaíola bia agus ceanglais chun fógra a thabhairt a léirmhíniú go córasach.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2008/98/CE
Airteagal 9 a – mír 4 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) laghdú 10 % a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola bia sa phróiseáil agus sa mhonaraíocht i gcomparáid leis an ***méid*** a gineadh in ***2020***; | (a) laghdú 10 %, ***in aghaidh an tona de bhia a tháirgtear in aghaidh an Bhallstáit,*** a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola bia sa phróiseáil agus sa mhonaraíocht i gcomparáid leis an ***meán*** a gineadh ***sa tréimhse 2020-2022;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE
Airteagal 9 a – mír 4 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) laghdú ***30 %*** a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola bia *per capita*, go comhpháirteach i miondíol agus i ndáileadh eile bia, i mbialanna agus i seirbhísí bia agus i dteaghlaigh, i gcomparáid leis an méid a gineadh ***in 2020.*** | (b) laghdú ***30 %*** a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola bia *per capita*, go comhpháirteach i miondíol agus i ndáileadh eile bia, i mbialanna agus i seirbhísí bia agus i dteaghlaigh, i gcomparáid leis an méid a gineadh ***ar an meán sa tréimhse 2020-2022 i miondíol agus i ndáileadh eile bia, i mbialanna agus i seirbhísí bia, agus i dteaghlaigh. Agus bearta á mbunú chun an sprioc choiteann sin a bhaint amach, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na leibhéil éagsúla de tháirgeacht dramhaíola bia arna nginiúint ag na catagóirí éagsúla sna céimeanna sin den slabhra (i.e. miondíol agus dáileadh eile bia, i mbialanna agus i seirbhísí bia agus i dteaghlaigh).*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2008/98/CE
Airteagal 9 a – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás inar féidir le Ballstát sonraí a sholáthar le haghaidh bliain tagartha roimh 2020, ar sonraí iad a bailíodh le modhanna atá inchomparáide leis an modheolaíocht agus leis na ceanglais cháilíochta íosta le haghaidh tomhas aonfhoirmeach ar leibhéil dramhaíola bia mar a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597 ón gCoimisiún, féadfar bliain tagartha níos luaithe a úsáid. Tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile go bhfuil sé beartaithe aige bliain tagartha níos luaithe a úsáid laistigh de ***18*** mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo agus soláthróidh sé don Choimisiún na sonraí agus na modhanna tomhais a | 5. I gcás inar féidir le Ballstát sonraí a sholáthar le haghaidh bliain tagartha roimh 2020, ar sonraí iad a bailíodh le modhanna atá inchomparáide leis an modheolaíocht agus leis na ceanglais cháilíochta íosta le haghaidh tomhas aonfhoirmeach ar leibhéil dramhaíola bia mar a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597 ón gCoimisiún, féadfar bliain tagartha níos luaithe a úsáid. Tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile go bhfuil sé beartaithe aige bliain tagartha níos luaithe a úsáid laistigh de ***12*** mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo agus soláthróidh sé don Choimisiún na sonraí agus na modhanna tomhais a |

úsáidtear chun iad a bhailiú. úsáidtear chun iad a bhailiú.

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2008/98/CE
Airteagal 9 a – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíonann na sonraí na coinníollacha a leagtar amach i mír 5, déanfaidh sé, laistigh de 6 mhí tar éis fógra a fháil a rinneadh i gcomhréir le mír 5, cinneadh a ghlacadh ina n-iarrfar ar an mBallstát ***2020*** nó bliain eile seachas an bhliain arna moladh ag an mBallstát a úsáid mar bhliain tagartha. | 6. I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíonann na sonraí na coinníollacha a leagtar amach i mír 5, déanfaidh sé, laistigh de 6 mhí tar éis fógra a fháil a rinneadh i gcomhréir le mír 5, cinneadh a ghlacadh ina n-iarrfar ar an mBallstát ***an meán 2020-2022*** nó bliain eile seachas sin arna moladh ag an mBallstát a úsáid mar bhliain tagartha. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Treoir 2008/98/CE
Airteagal 29a – mír 1 – pointe 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Agus a gcláir maidir le cosc ar dhramhaíl bhia á n-oiriúnú acu, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh páirtithe leasmhara áitiúla agus réigiúnacha, an earnáil phríobháideach agus an tsochaí shibhialta rannpháirteach, agus é mar aidhm acu cláir shaincheaptha agus riachtanais-bhunaithe a fhorbairt chun dramhaíl bhia a chosc, a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ar theophointí áitiúla dramhaíola bia, mar aon le dearcthaí agus iompraíochtaí sonracha a rannchuidíonn le dramhaíl bhia, go háirithe ar leibhéal an teaghlaigh.*** |

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE
## ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Fuair an rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuairim á hullmhú, go dtí gur glacadh sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| Copa-Cogeca |
| FoodDrinkEurope |
| Mercadona |
| To Good To Go |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena Leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl |
| **Tagairtí** | COM(2023)0420 – C9-0233/2023 – 2023/0234(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>2.10.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>2.10.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Clara Aguilera<br>12.9.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 25.10.2023 28.11.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 24.1.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 44<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Benoît Biteau, Franc Bogovič, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Dacian Cioloş, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Luke Ming Flanagan, Paola Ghidoni, Dino Giarrusso, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Elsi Katainen, Camilla Laureti, Norbert Lins, Colm Markey, Marlene Mortler, Juozas Olekas, Eugenia Rodríguez Palop, Daniela Rondinelli, Bronis Ropė, Katarína Roth Neveďalová, Bert-Jan Ruissen, Petri Sarvamaa, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Rosanna Conte, Gabriel Mato, Michaela Šojdrová, Irène Tolleret, Achille Variati |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Eric Minardi, Cláudia Monteiro de Aguiar |

**VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR**

| 44 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Krzysztof Jurgiel, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová |
| ID | Rosanna Conte, Ivan David, Paola Ghidoni, Eric Minardi |
| NI | Dino Giarrusso, Katarína Roth Neveďalová |
| PPE | Asim Ademov, Franc Bogovič, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Norbert Lins, Colm Markey, Gabriel Mato, Cláudia Monteiro de Aguiar, Marlene Mortler, Petri Sarvamaa, Michaela Šojdrová, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Dacian Cioloş, Jérémy Decerle, Martin Hlaváček, Elsi Katainen, Irène Tolleret |
| S&D | Clara Aguilera, Isabel Carvalhais, Paolo De Castro, Camilla Laureti, Juozas Olekas, Daniela Rondinelli, Achille Variati |
| An Chlé | Luke Ming Flanagan, Eugenia Rodríguez Palop |
| Na Glasaigh/SCE | Benoît Biteau, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Bronis Ropė, Sarah Wiener |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh